



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2014

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Eacnamaíocht Talmhaíochta

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phársa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.



AN ARDTEISTIMÉIREACTH, 2014

EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

ARDLEIBHÉAL

SCÉIM MHARCÁLA

AGUS

FREAGRAÍ A bhFUILTEAR AG SÚIL LEO

Scéim Mharcála agus Freagraí a bhFuiltear ag Súil leo le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála á meas is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na Freagraí a bhFuiltear ag Súil leo agus a chuirtear i láthair anseo uileghabhálach ná críochnaitheach. Féadfar marcanna a bhronnadh as aon fhreagraí eile atá ceart.
- I gcuid mhaith cásanna, d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna Freagraí a bhFuiltear ag Súil leo.
- Déanfar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.

Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2014

EACNAMÁÍOCHT TALMHAÍOCHTA - Ardleibhéal

Scéim Mharcála Imlíneach

CUID I (120 marc)

20 CEIST – 15 CHEIST LE FREAGAIRT.

TÁ NA CEISTEANNA AR FAD AR AON MHARC (8 MARC)

- | | | | |
|-----|----------------------|-----|---|
| 1. | 2 @ 4 mharc an ceann | 11. | 8 marc (4 m + 4 m) |
| 2. | 8 marc (4 m + 4 m) | 12. | Míniú: 4 mharc (2 m + 2 m)
Sampla: 4 mharc |
| 3. | 8 marc | 13. | 8 marc (4 m + 4 m) |
| 4. | 2 @ 4 mharc an ceann | 14. | 2 @ 4 mharc an ceann (2m+2m) |
| 5. | 2 @ 4 mharc an ceann | 15. | 2 @ 4 mharc an ceann |
| 6. | 8 marc (4 m + 4 m) | 16. | 2 @ 4 mharc an ceann |
| 7. | 8 marc (4 m + 4 m) | 17. | 8 marc (4 m + 4 m) |
| 8. | 2 @ 4 mharc an ceann | 18. | 8 marc (4 m + 4 m) |
| 9. | 8 marc | 19. | 2 @ 4 mharc an ceann |
| 10. | 2 @ 4 mharc | 20. | 2 @ 4 mharc an ceann |

CUID II (200 marc)

4 CHEIST LE FREAGAIRT AG 50 MARC AN CEANN.

- | | | | |
|--------|--------------------------|---|------------------|
| 1. (a) | Trí athróg | 3 @ 6 mharc (3 m + 3 m) | 18 |
| (b) | (i) | 2 léaráid a thaispeánann an tionchar @ 4 m an ceann
8 m
2 mhíniú @ 4 m an ceann | 8 m
8 m |
| | (ii) | 2 léaráid a thaispeánann an tionchar @ 4 m an ceann
8 m
2 mhíniú @ 4 m an ceann | 8 m
8 m |
| | | | 32 |
| | | | [50 marc] |
| 2. (a) | Dhá mhíniú: | 2 @ 6 m an ceann (3 m + 3 m) | 12 |
| (b) | Trí thoisc | 3 @ 6 mharc (3 m + 3 m) | 18 |
| (c) | Dhá bhuntáiste: | 5 m (2 m + 3 m) + 5 m (2 m + 3 m) | |
| | Dhá mhíbhuntáiste: | 5 m (2 m + 3 m) + 5 m (2 m + 3 m) | 20 |
| | | | [50 marc] |
| 3. (a) | Clár Comhardaithe | 12 iontráil @ 1 m an ceann
Glanfhiúchas | 3 m |
| | | | 15 |
| (b) | Cóimheasa | 2 @ 4 m | |
| | Léirmhínithe | 4 m + 3 m | 15 |
| (c) | Comhairle don fheirmeoir | 20 m (5 m + 5 m + 5 m + 5 m) | 20 |
| | | | [50 marc] |

4.	(a)	Innéacs praghsanna Míniú	10 marc 6 mharc	16
	(b)	Buntáiste:	10 marc	10
	(c)	Praghsanna feirmeora	2 @ 12 m (8 m + 4 m)	24
				[50 marc]
5.	(a)	Graf a tharraingt: Na haiseanna a lipéadú: An cuar: Cuar an Táirgthe Iomláin	6 m (6 x 1 m) 2 m (2 x 1 m) 2 m	10
	(b)	Toradh laghdaitheach: Sainmhíniú: Ábharthacht maidir leis an ngraf:	10 m (5 m + 5 m) 10 m (5 m + 5 m)	20
	(c)	Freagra: Míniú:	5 mharc 15 marks (5 m + 5 m + 5 m)	20
				[50 marc]
6.	(a)	Róil:	2 @ 10 m an ceann (3 m + 7 m)	20
	(b)	Dhá bhuntáiste:	10 m (7 m + 3 m) + 6 m (4 m + 2 m)	16
	(c)	Dhá dheis:	2 @ 7 m (4 m + 3 m)	14
				[50 marc]

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2014
EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - Ardleibhéal
Freagraí a bhFuiltear ag Súil leo

CUID 1 (120 marc)

Freagair **cúig** cheist **déag**. Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

1. Sa Mhóráireamh ar an Talmhaíocht in Éirinn in 2010 cad é

- | | | | | |
|------|---------------------------------------|---------------------------------|--|---|
| (i) | Líon neasach iomlán na bhfeirmeacha? | 80,000 <input type="checkbox"/> | 100,000 <input type="checkbox"/> | 140,000 <input checked="" type="checkbox"/> |
| (ii) | Meánmhéid neasach feirme (heicteáir)? | 21 <input type="checkbox"/> | 33 <input checked="" type="checkbox"/> | 48 <input type="checkbox"/> |

2. Is féidir a rá go mbíonn feirm neamh-inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de nuair: nach mbíonn an cumas ná na hacmhainní riachtanacha ag feirmeoir chun a fheirm a choinneáil nua agus chun coimeád suas le coinníollacha eacnamaíochta agus teicniúla a bhíonn i mbun athrú. Níl an feirmeoir ag glacadh le cleachtais nua teicneolaíochta agus fearachais sciobtha go leor.

Níl an cumas ag feirmeoir (a) lucht oibre teaghlaigh a íoc de réir an mheánphá talmhaíochta; ná (b) toradh 5% a sholáthar ar shócmhainní neamhthalún. Mar thoradh air sin, beidh ar an bhfeirmeoir an tionscal a fhágáil sa deireadh.

3. Glac leis go dtiteann praghsanna ainmniúla na heorna de 2% i mbliain áirithe, agus go dtiteann leibhéal ginearálta na bpragsanna de 5% sa bhliain chéanna. Cad a tharlaíonn d'fhíorphraghsanna na heorna?

- | | | |
|-------|---|-------------------------------------|
| (i) | Titeann fíorphraghsanna na heorna de 7% | <input type="checkbox"/> |
| (ii) | Titeann fíorphraghsanna na heorna de 3% | <input type="checkbox"/> |
| (iii) | Éiríonn fíorphraghsanna na heorna de 3% | <input checked="" type="checkbox"/> |

4. Luaigh dhá easnamh margaíochta a bhfuil tionchar acu ar thalmhaíocht na hÉireann faoi láthair:

- Struchtúr na feirmeoireachta i bhfoirm líon mór d'aonaid atá sách beag.
- Scaipeadh geografach na feirmeoireachta thar achar mór.
- Séasúracht an táirgthe agus athraitheas ó bhliain go bliain ar an gcineál soláthair.
- Nádúr toirtiúil agus somheata na dtáirgí talmhaíochta.
- Feirmeoireacht pháirtaimseartha.
- Spleáchas ar Aoníocaíocht Feirme (SFP).
- Inní faoi BSE, 'burgair chapail' i rith an ama.
- Inní faoi cháilíocht/shábháilteacht bhia.

5. Freagair na ceisteanna seo a leanas maidir leis an Suirbhé Náisiúnta Feirme (NFS i mbéarla):

- | | | |
|------|---------------------------------|-------------|
| (i) | Cé a dhéanann é? | Teagasc |
| (ii) | Cé chomh minic is a dhéantar é? | Gach bliain |

6. **Mínigh an téarma ‘Cáin Ghnóthachan Caipitiúil’:** cáin chaipitil a thobhítear ar mhaoin tráth an díola agus atá bunaithe ar an difríocht idir praghas díola na maoine agus an bhunphraghais cheannaigh.
7. **Mínigh an téarma ‘Gnáthearra’ i dteoiric an éilimh:** Earra ar bith a méadaíonn an t-éileamh air nuair a mhéadaíonn an t-ioncam, agus a laghdaíonn an t-éileamh air nuair a laghdaíonn an t-ioncam ach go bhfanann an praghas seasmhach, i.e. ioncamleasteachas dearfach an éilimh. Ní gá go dtagródh an téarma do cháilíocht an earra.
8. **Luaigh dhá theorainn a chuireann córas an chuóta bainne le forbairt earnáil déiríochta na hÉireann:**
- (i) Cuireann cuótaí teorainn dhíreach leis an méid iomlán aschuir;
 - (ii) Féadfaidh cuótaí teorainn a chur le cumas na bhfeirmeoirí dul i mbun forbartha, agus teorainn a chur le barainneachtaí scála dá bharr;
 - (iii) Féadfaidh cuótaí a bheith ina mbac le hiontráil, agus cosc a chur ar an iomaíocht dá bharr, rud a d’fhéadfadh an éifeachtúlacht a chur chun feabhais;
 - (iv) Féadfaidh cuótaí teorainn a chur leis an méid trádáil idirnáisiúnta a dhéantar;
 - (v) B’fhéidir go spreagfaí feirmeoirí neamhéifeachtúla chun leanúint ar aghaidh ag táirgeadh a gcúóta, in áit an tionscal a fhágáil.
9. **Cheannaigh Séamas tarracóir athlámhe ar €8,000 in 2013. In 2007 a rinneadh an tarracóir agus díoladh an bhliain sin é ar €32,000. Cén tionchar atá ag ceannach an tarracóra ag Séamas sa bhliain 2013 ar fhigiúirí Olltáirgeadh Intíre (OTI) (GDP i mBéarla) don bhliain sin?**
- (i) Titeann OTI na bliana 2013 de €24,000
 - (ii) Níl aon athrú ar OTI na bliana 2013
 - (iii) Tá ardú €8,000 ar OTI na bliana 2013
10. **Glac leis go dtáirgeann 4 aonad d’Ionchur X 100 aonad d’Aschur Y agus go dtáirgeann 5 aonad d’Ionchur X 120 aonad d’Aschur Y, má choinnítear gach ionchur eile gan athrú. Ríomh gach ceann díobh seo a leanas:**
- (i) **Meántáirgeadh Y ó 4 aonad d’Ionchur X:** 25 aonad de Y
 - (ii) **Táirgeadh imeallach Y ón gcúigiú aonad d’Ionchur X:** 20 aonad de Y
11. **Mínigh an téarma ‘Boilsciú de bharr Costbhrú’ agus tabhair sampla amháin as talmhaíocht na hÉireann:**
- Míniú:** ardú comhsheasmhach ar an ngnáth-phraghasleibhéal de bharr méadú ar chostas na dtosca táirgthe.
- Sampla:** méadú ar chostais leasacháin, méadú ar chostais fuinnimh.

12. Míniú an téarma ‘Treoir ón AE’ agus tabhair sampla amháin as talmhaíocht na hÉireann:

Míniú: Is éard atá i dtreoir ná acht reachtaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh a éilíonn ar bhallstáit toradh ar leith a bhaint amach, gan an modh leis an toradh sin a bhaint amach a shonrú (i.e. is faoi gach ballstát atá sé í a thrasuíomh sa dlí náisiúnta).

Sampla: an Treoir um Níotráití; an Treoir maidir le Gnáthóga.

13. Cén tslí a dtéann fás geilleagrach laghdaithe i bhfeidhm ar dheischostas an tsaothair sa talmhaíocht?

Mar gheall ar mheath ar fhás geilleagrach i réimsí den gheilleagar lasmuigh den talmhaíocht (e.g. tógáil agus déantúsaíocht), cruthaítear easpa deiseanna fostaíochta sna hearnálacha eile sin agus laghdaítear deischostas an tsaothair in earnáil na talmhaíochta dá bhrí sin.

14. Glac leis go bhfuil an meánioncam ó na feirmeacha teaghlaigh in Éirinn 28% níos ísle ná an meántuilleamh sa tionsclaíocht. Luaigh dhá chúis a gcaithfear a bheith cúramach agus an bhearn seo á léirmhíniú:

- (i) Ní chuirtear foinsí eile ioncaim de chuid feirmeora san áireamh (e.g. pinsin, ioncam lasmuigh den fheirm).
- (ii) Ní chuirtear úinéireacht saibhris san áireamh (e.g. talamh).
- (iii) Ní chuirtear an t-ualach coibhneasta cánachais san áireamh.
- (iv) Ríomhtar ioncam ó fheirm theaghlaigh in aghaidh na feirme seachas in aghaidh an duine.

15. Luaigh dhá phrionsabal a bhaineann le comharchumainn:

- (i) Ballraíocht dheonach gan srian.
- (ii) Riarachán daonlathach. Vóta amháin an duine.
- (iii) Teoranta má bhíonn aon díbhinn ar scairchaipiteal.
- (iv) Ba cheart an barrachas a dháileadh ar na baill de réir chomhréir na trádála leis an gcomharchumann.
- (v) Foráil d’oideachas na mball.
- (vi) Comhoibriú i measc na gcomharchumann ar mhaithe le comhshochar.

16. I dtéarmaí an éilimh ar na táirgí seo a leanas, cé acu ceann is neamhleaistí ó thaobh an phraghais de agus cé acu ceann is leaistí ó thaobh praghais de, dar leat?

Earraí	Feoil	Bia	Stéig filléid	Mairteoil
(i) Is neamhleaistí	<input type="checkbox"/>	<input checked="" type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(ii) Is leaistí	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input checked="" type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

17. Tabhair breac-chuntas ar an méid a thuigtear leis an téarma ‘Glasú’ sna leasuithe ar an CAP a comhaontaíodh in 2013:

Beidh 30% den **Íocaíocht Aonair Feirme** i gceist leis na híocaíochtaí glasaithe agus beidh siad ag brath ar na feirmeoirí a bheith ag chomhlíonadh critéir áirithe atá bunaithe ar cheisteanna comhshaoil (e.g. bithéagsúlacht, cosaint gnáthóg, feirmeoireacht inbhuanaithe).

18. Míniú an téarma ‘Árachas Dliteanais Phoiblí’ agus tú ag tagairt don fheirmeoireacht:

Árachas a chlúdaíonn aon dochar, gortú coirp nó cailteanas eacnamaíoch do dhuine ar bith den phobal mar gheall ar an bhfeirmeoir nó ar a mhaoín, e.g. timpiste bhóthair de bharr eallach an fheirmeora.

19. Dá dtitfeadh ráta malairte an euro i gcoibhneas le hairgeadraí eile, cén tionchar is dóichí a bheadh aige sin orthu seo a leanas?

(i) Costas na n-iompórtálacha ag teacht isteach i limistéar an euro:

Méadú Laghdú Gan athrú

(ii) An boillsíú i limistéar an euro:

Méadú Laghdú Gan athrú

20. Luaigh tairbhe amháin agus dúshlán amháin a d’fhéadfadh a bheith ann do ghnó na talmhaíochta in Éirinn má shíneann an AE comhaontú saorthrádála le Stáit Aontaithe Mheiriceá:

Tairbhe:

- (i) D’fhéadfadh méadú ar an trádáil a bheith ina ábhar le héagsúlacht níos mó agus le praghsanna níos ísle do thomhaltóirí.
- (ii) Ba cheart go n-eascródh méadú ar dhíolacháin/bhrabús do ghnólachtaí ghnó na talmhaíochta in Éirinn as margadh méadaithe.
- (iii) D’fhéadfaí infheistíocht mhéadaithe a spreagadh tríd an teacht ar mhargaí eachtracha agus d’fhéadfadh fás geilleagrach níos mó agus níos mó post teacht as sin.
- (iv) Féadfaidh iomaíocht agus cumas i dtaobh barainneachtaí scála a bheith ina mbunús le héifeachtúlacht níos mó i measc tháirgeoirí na hÉireann.

Dúshlán:

- (i) Féadfaidh níos mó iomaíochta a bheith ina hábhar le praghsanna níos ísle d’fheirmeoirí na hÉireann ar a gcuid táirgí.
- (ii) De bharr níos mó iomaíochta, d’fhéadfadh tomhaltóirí táirgí talmhaíochta Mheiriceá a cheannach, rud a laghdódh an t-éileamh ar tháirgí talmhaíochta na hÉireann.
- (iii) Deacrachtaí maidir le caighdeáin bhia agus sláinteachais a choinneáil.

CUID 2 (200 marc)


Ceist 1

(a) Tabhair breac-chuntas ar thrí athróg a mbíonn tionchar acu ar sholáthar tráchtearraí talmhaíochta.

- Praghas an tráchtearra – níos mó soláthartha ar phraghas níos airde.
- Costas táirgthe: De thairbhe méaduithe ar na costais a bhaineann le táirgeadh tráchtearraí (e.g. costais fuinnimh, leasachán), beidh laghdú ar an soláthar.
- Athróg comhshaoil fearacht na haimsire: beidh méadú ar an soláthar de bharr dea-shéasúr fáis agus d'fhéadfadh drochaimsir bac a chur ar an bhfás agus an soláthar a laghdú.
- Dul chun cinn na teicneolaíochta agus feabhsúcháin fearachais: méadófar an soláthar de bharr teicneolaíocht nó modhanna fearachais níos fearr.
- Praghas na dtráchtearraí gaolmhara i gcás an táirgthe: laghdófar soláthar tráchtearra de thoradh méadú ar phraghas earra ionaid i gcás an táirgthe. Méadófar an soláthar de thoradh méadú ar phraghas earra chomhlántaigh i gcás an táirgthe (comhtháirgí).
- Cánacha agus fóirdheontais: laghdóidh cánacha méadaithe an soláthar agus méadóidh fóirdheontais mhéadaithe an soláthar.
- Praghsanna a bhfuiltear ag súil leo sa todhchaí: má mheastar go méadóidh na praghsanna sa todhchaí, d'fhéadfadh feirmeoirí infheistiú níos mó i dtáirgeadh an tráchtearra sin agus an soláthar a mhéadú dá bharr.

(b) Déan cóip de na léaráidí atá cuirthe ar fáil i do fhreagarleabhar agus bain úsáid astu chun an tionchar a bheidh ag gach ceann díobh seo, (i) agus (ii) thíos, ar phraghas margaidh agus ar chainníocht mhargaidh na ráibe síol ola agus na heorna a thaispeáint. Mínigh do fhreagraí.


(i) Foilsiú torthaí taighde atá ag cur béime ar an tairbhe ó thaobh na sláinte de a bhaineann le bheith ag ithe bia a bhfuil eorna ann.



Méadófar an t-éileamh ar eorna de bharr níos mó feasachta ar na tairbhí sláinte a bhaineann le heorna. Mar sin de, athraíonn a cuar éilimh ar dheis. Mar gheall air sin, **ardóidh praghas margaidh na heorna** ó pb1 go pb2 agus **ardóidh an chainníocht mhargaidh** ó qb1 go qb2.

Mar thoradh ar an méadú ar phraghas na heorna, spreagfar feirmeoirí eorna a tháirgeadh **in áit** ráib síol ola. **Laghdóidh sé sin soláthar na ráibe síol ola** (bogadh ar chlé). Mar sin de, **méadóidh an praghas margaidh le haghaidh ráib síol ola** ó ps1 go ps2 agus **laghdóidh an chainníocht mhargaidh** ó qs1 go qs2.

- (ii) Fóirdheontas a bheith á chur ar fáil d'fheirmeoirí in aghaidh an heicteáir de ráib síol ola a fhásann siad.



Ba cheart go mbeadh **méadú ar sholáthar ráib síol ola** ag an tús de bharr fóirdheontais agus, dá bhrí sin, ba cheart go **laghdódh an praghas margaidh le haghaidh ráib síol ola** ó ps_1 go ps_2 agus go **méadóidh an chainníocht mhargaidh** ó qs_1 go qs_2 .

Is tábhachtach a mheabhrú, áfach, go dtuillfidh an feirmeoir an praghas margaidh agus an fóirdheontas araon (arna léiriú ag an bhfad ingearach idir na cuair sholáthair) agus go dtuillfidh sé ps_2+s san iomlán dá thairbhe.

Mar gheall ar an méadú sin ar thuilleamh (ps_1 go ps_2+s) fheirmeoirí na ráibe síol ola, spreagfar feirmeoirí eorna ráib síol ola a tháirgeadh **in ionad eorna**. **Laghdófar soláthar na heorna** dá bharr (aistriú an tsoláthair ar chlé). Mar gheall air sin, **ísleoidh cainníocht mhargaidh na heorna** ó qb_1 go qb_2 agus **ardóidh an praghas margaidh** ó pb_1 go pb_2 .

Ceist 2

(a) Míniú gach ceann de na ráitis a leanas:

(i) Tá soláthar iomlán na talún talmhaíochta an-neamhleaisteach.

Bronntanas í an talamh ón dúlra a foirmíodh thar na milliúin bliain. Mar sin de, is **seasta** an chainníocht iomlán atá ar fáil.

Cé gur féidir níos mó talamh talmhaíochta a fháil trí dhraenáil, míntíriú, dífhoraoisiú nó aistriú ó úsáidí eile (e.g. aistriú ó thógáil/fhorbairt go húsáid talmhaíochta), níl ach tionchar **beag** aige sin ar chainníocht iomlán na talún talmhaíochta atá ar fáil.

(ii) Éileamh díortha é an t-éileamh ar thalamh talmhaíochta.

Tagann an t-éileamh ar thalamh as an méid a mheastar go gcuirfidh sí leis an táirgeadh in éineacht le hacmhainní eile (saothar, fiontar, caipiteal). Tá sé díorthaithe ón éileamh ar an aschur a n-úsáidtear an talamh lena tháirgeadh.

(b) Tabhair breac-chuntas ar thrí thoisic a chinntíonn praghsanna na talún talmhaíochta.

- Praghas an aschuir agus boilsciú ginearálta: beidh níos mó éilimh ar thalamh de bharr praghsanna níos airde aschuir agus/nó boilsciú ginearálta agus tagann méadú ar phraghsanna talún dá bharr sin.
- Praghsanna aschuir a bhfuiltear ag súil leo: I gcás go meastar go dtiocfaidh ardú ar phraghsanna, infheisteoidh feirmeoirí i gcúrsaí forbartha, rud a mhéadóidh an t-éileamh ar thalamh agus a praghas.
- Teacht ar airgeadas: Infhaighteacht creidmheasa agus rátaí úis: mar gheall ar rátaí ísle úis agus teacht forleathan ar chreidmheas, bíonn an t-airgead ag na feirmeoirí dul i mbun forbartha, rud a mhéadaíonn an t-éileamh ar thalamh agus a praghas. D'fhéadfadh easpa creidmheasa (le linn cúlú eacnamaíochta) an t-éileamh, agus an praghas dá bhrí sin, a laghdú.
- Úsáidí eile as an talamh: méadaíonn an t-éileamh ar thalamh agus méadaíonn praghas na talún de bharr an oiread úsáidí a bhaintear as an talamh agus is féidir (e.g. talmhaíocht, tógáil, taitneamhachtaí).
- Láthair: méadaíonn líon na gceannaitheoirí féideartha, líon na n-úsáidí talún eile agus a fhusa atá sé teacht ar an talamh mar gheall ar a chónagaraí a bhíonn an talamh do limistéir uirbeacha. Dá bhrí sin, ba cheart go méadóidh an t-éileamh ar an talamh mar aon lena praghas.
- Cáilíocht na talún / an cineál aschuir a d'fhéadfaí a tháirgeadh: tá cineálacha difriúla talún ann maidir leis na saghsanna táirgí a d'fhéadfaí a tháirgeadh uirthi. Dá mhéad é luach an aschuir in aghaidh an heicteáir talún is é mó é praghas na talún sin (e.g. is minic a bhíonn talamh curaíochta níos daoire ná talamh féaraigh).
- Tacaíocht CAP/cáin/fóirdheontas: beidh praghas níos airde ar thalamh lena ngabhann teacht ar shochair mhéadaithe chánach agus íocaíochtaí méadaithe fóirdheontais (e.g. limistéar faoi mhíbhuntáiste).

(c) Déan plé ar dhá bhuntáiste agus ar dhá mhíbhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ann d'fheirmeoir a ghlacann talamh ar léas in ionad é a cheannach.

Buntáistí:

- Riosca airgeadais laghdaithe toisc nach gá don fheirmeoir dul i mbun maoiniú fiach chun ceannach talún a chistiú.
- Tugtar deis don fheirmeoir na tairbhí a bhaineann le fairsingiú/héagsúlú a fhiosrú gan ceangal a chur air féin.
- Tugtar rialú na sócmhainne (talamh) don fheirmeoir gan na costais a bhaineann le húinéireacht a thabhu (e.g. draenáil, foirgnimh a chothabháil).
- Dreasachtaí cánach (e.g. faoiseamh cánach ar íocaíochtaí cíosa).
- Solúbthacht – gan a bheith ceangailte den fheirm.

Míbhuntáistí:

- Costais an léasaithe.
- Srian ar na húsáidí is féidir leis an bhfeirmeoir a bhaint as an talamh ag brath ar théarmaí agus coinníollacha an léasa.
- Srian ar chinnteoireacht bhainistiúil de bharr chomhaontú an léasa.
- Gan a bheith in ann cothromas a neartú sa tsócmhainn.
- Gan an tseasmhacht a bhaineann le seilbh talún maidir le hinfheistiú agus pleanáil feirme fhadtéarmach.

[50 marc]

Ceist 3

(a) Déan clár comhardaithe d'fheirm mhairteóla as na sonraí atá curtha ar fail agus taispeáin: sócmhainní seasta; sócmhainní reatha; fiachais fhadtéarmacha agus fiachais reatha. Ríomh an glanfhiúchas agus breac ar an gclár comhardaithe é.

CLÁR COMHARDAITHE mar a bhí ar 31/12/2012					
<u>Sócmhainní Seasta</u>	€	€	<u>Fiachais Fhadtéarmacha</u>	€	€
Talamh agus foirgnimh	250,000		lasachtaí le híoc as foirgnimh	144,000	
Innealra agus trealamh	25,000		lasachtaí le híoc as innealra	19,000	163,000
Beostoc síolraíochta	40,000	315,000			
<u>Sócmhainní Reatha</u>			<u>Fiachais Reatha</u>		
Trádáil beostoic	23,000		Ró-tharraingt bhainc	15,000	
Bia ainmhithe agus leasacháin	7,000		Cárta creidmheasa	2,000	17,000
Barra foráiste	3,000				
Barra indíolta	2,000				
Airgead tirim agus fiachóirí	18,000	53,000	GLANFHIÚCHAS		188,000
		368,000			368,000

NÓ

CLÁR COMHARDAITHE mar a bhí ar 31/12/2012			
Sócmhainní Seasta	€	€	€
Talamh agus foirgnimh			250,000
Innealra agus trealamh			25,000
Beostoc síolraíochta			40,000
			315,000
Sócmhainní Reatha			
Bia ainmhithe agus leasacháin	7,000		
Airgead tirim agus fiachóirí	18,000		
Barra foráiste	3,000		
Barra indíolta	2,000		
Trádáil beostoic	23,000	53,000	
Lúide Fiachais Reatha			
Ró-tharraingt bhainc	15,000		
Fiacha cárta creidmheasa	2,000	17,000	
Caipiteal oibre			36,000
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA			351,000
MAOINITHE AG			
Fiachais Fhadtéarmacha			
lasachtaí as foirgnimh	144,000		
lasachtaí as innealra	19,000	163,000	
GLANFHIÚCHAS		188,000	
			351,000

- (b) **Ríomh an cóimheas leachtachta agus cóimheas na bhfiachas le glanfhiúchas na feirme seo. (Bíodh do fhreagra ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.) Tabhair breac-chuntas ar an méid a léiríonn gach toradh duit faoi staid airgeadais na feirme.**

Cóimheas leachtachta:

Sócmhainní Leachtacha : Fiachais reatha;

$$[(2,000+18,000) : (15,000 + 2,000)] = 20,000 : 17,000 = 1.18 : 1$$

Tá dóthain leachtachta ag an bhfeirm, rud a chiallaíonn gur leor a cuid sócmhainní leachtacha chun éilimh ghearrthéarmacha a creidiúnaithe a chomhlíonadh. Do gach €1 atá dlite sa ghearrthearma, tá €1.18 ar fáil aici go réidh lena íoc ar ais.

Cóimheas na bhfiachas le glanfhiúchas:

Fiachais iomlána : Glanfhiúchas

$$[(144,000+19,000+15,000+2,000) : 188,000] = 180,000 : 188,000 = 0.96 : 1$$

Tá an fheirm sócmhainneach a bheag nó a mhór, rud a chiallaíonn dá rachadh an fheirm as gnó inniu go mbeadh díol a cuid sócmhainní uile in ann a fiachais iomlána a sheasamh agus sin an méid. Do gach €1 atá dlite ag an bhfeirmeoir, tá €0.96 de ar iasacht.

- (c) **Glac leis gur tusa comhairleoir airgeadais an fheirmeora seo. Bunaithe ar na sonraí agus ar an anailís thuas, cén chomhairle a chuirfeá ar an bhfeirmeoir chun inmharthanacht airgeadais an ghnó a dhaingniú san am atá le teacht?**

- Ba cheart don fheirmeoir leas a bhaint as buiséadú caipitil agus sreafa airgid agus/nó plean gnó a dhréachtú chun measúnú a dhéanamh ar indéantacht agus ar bhrabúsacht aon phleananna san am atá le teacht chun ioncam a mhéadú. Is féidir leis an bhfeirm leanúint ar aghaidh i mbun feidhme sa ghearrthearma, ach d'fhéadfadh sí a bheith i mbaol laghdú ar ioncam san fhadtéarma. Tá sé sin fíor go háirithe nuair a bhíonn teacht níos fearr ag feirmeoirí mairteola ar phraghsanna domhanda.
- Lena chois sin, thioctadh leis an bhfeirmeoir fiachais a laghdú trí bhearta ar nós conraitheoirí a úsáid agus/nó díol agus aisléasú in áit a bheith ina n-úinéirí ar innealra é féin (i.e. iasachtaí innealra a laghdú).
- Ba cheart go mbeadh an feirmeoir ag socrú pleannanna lena chinntiú go ngintear dóthain ioncaim chun fiachas fadtéarmach a chomhlíonadh. Lena chinntiú go bhféadfaí é sin a dhéanamh, ba cheart don fheirmeoir páirtbhuiséid a úsáid chun a fháil amach an féidir an gnó a athrú chun níos mó ioncaim a ghnóthú, e.g. aschur a mhéadú tríd an infheistíocht.

Ceist 4

Taispeánann an tábla sonraí faoi chainníocht agus faoi phraghas tráchtearraí feola i 2000 agus i 2011.

	2000		2011	
	Cainníocht (cloigne '000)	Praghas (€ an cloigeann)	Cainníocht (cloigne '000)	Praghas (€ an cloigeann)
Beithígh	2,000	670	2,000	938
Muca	3,000	90	4,000	108
Caoirigh	4,000	60	2,000	96

- (a) **Bain úsáid as na sonraí thuas agus ríomh innéacs simplí meánphragsanna na dtrí thráchtearra feola don bhliain 2011. Mínigh do fhreagra.**
(Nóta: Bíodh an bhonnbhliain 2000 = 100 agus bíodh do fhreagra ceart go dtí an tslánuimhir is gaire)

Innéacs simplí pragsanna

Ríomh innéacsuimhir shimplí gach earra idir 2000 agus 2011 trí úsáid a bhaint as an bhfoirmle $\frac{Pt \times 100}{Po} = \text{innéacsuimhir}$.

$$\begin{aligned} \text{Beithígh: } & (938 \times 100)/670 = 140 \\ \text{Muca: } & (108 \times 100)/90 = 120 \\ \text{Caoirigh: } & (96 \times 100)/60 = 160 \end{aligned}$$

Ríomh meán de thrí innéacs:

$$(140 + 120 + 160)/3 = 140$$

Léiríonn an t-innéacs simplí meánphragsanna gur **mhéadaigh pragsanna feola faoi 40% ar an meán idir 2000 agus 2011**. Mar sin féin, ní chuirtear san áireamh san fhigiúr sin comhréir na luachanna aschuir feola a chuireann na cineálacha éagsúla feola in iúl.

- (b) **Tabhair breac-chuntas ar an bhuntáiste atá le baint as innéacs meáite pragsanna a úsáid in áit innéacs simplí meánphragsanna.**

Ríomhtar innéacs pragsanna ach leibhéal na bpragsanna a shocrú ag bonntréimhse roghnaithe arna socrú cothrom le 100.

Tá innéacs ualaithe meánphragsanna **níos réalaíche** ná innéacs simplí meánphragsanna de bharr na slí a ríomhtar é. Sannann an t-innéacs meáite meáchan do gach tráchtearra bunaithe ar chritéir réamhshainithe, dála chomhréir na ndíolachán sa bhonntréimhse. Tugann sé sin toradh níos cruinne don innéacs ná an t-innéacs simplí, áit a gcaitear le gach tráchtearra mar an gcéanna, beag beann ar a thábhacht.

(c) Déan plé ar conas a d'fhéadfadh feirmeoir iarracht a dhéanamh ar na praghsanna a fhaigheann sé ar a aschur talmhaíochta a ardú.

- Nuálaíocht táirgí níos fearr: Teacht a fháil ar mhargaí nua lena ngabhann praghsanna níos airde ar aschur talmhaíochta. D'fhéadfaí leas a bhaint as sin chun suim na gcustaiméirí san aschur a fheabhsú agus teacht a fháil ar mhargaí nideoige, rud a chiallaíonn go mbeifí in ann praghas bisigh a fháil, e.g. feirmeoireacht orgánach.
- Níos mó aschur breisluacha a tháirgeadh: mar gheall ar níos mó táirgí breisluacha (e.g. comhábhair bhia, cáis) a tháirgeadh trí bhunú áiseanna próiseála faoi stiúir feirmeoirí, bíonn seans níos fearr ag feirmeoirí níos mó de luach an táirge a fháil a théann go próiseálaithe seachtracha de ghnáth.
- A bheith níos páirtí i ndíolachán díreach leis na tomhaltóirí trí thionscnaimh ar nós díolacháin dhíreacha lasmuigh den fheirm, margaí tuaithe nó margaí feirmeoirí, grúpaí áitiúla margaíochta.
- Níos mó infheistíochta i mbrandáil, dílseacht custaiméirí a chur chun feabhais agus an praghas atá siad sásta a íoc as an aschur a dhéanamh níos fearr.
- Tionscnaimh a cheaptar lena chinntiú go dtugann próiseálaithe bialuachanna níos airde ar ais do na feirmeoirí i bpraghas aschuir níos airde, trí bheartaíocht níos fearr a dhéanamh le miondíoltóirí. I measc na samplaí tá brústocaireacht trí ghrúpaí ionadaíochta feirmeoirí nó polaiteoirí.
- Infheistíocht i dteicneolaíocht agus i dtaighde chun cáilíocht agus iontaofacht an aschuir thalmhaíochta a fheabhsú. Mar thoradh air sin, sholáthrófaí earraí a oireann go speisialta do riachtanais na gcustaiméirí agus chuirfí a ndílseacht chun feabhais.


[50 marc]

Ceist 5

Taispeánann an tábla seo a leanas an tionchar atá ag leibhéil dhifriúla (A go F) den úsáid leasachán (kg sa heicteár) ar tháirgeadh Bharr Y (tonaí sa heicteár).

	A	B	C	D	E	F
Úsáid leasachán (kg sa ha)	0	50	100	150	200	250
Táirgeadh Bharr Y (tonaí sa ha)	2.0	3.0	3.8	4.4	4.8	5.0

- (a) Ag baint úsáide as na sonraí sa tábla thuas duit, tarraing graf chun an coibhneas idir úsáid leasachán (an x-ais chothrománach) agus táirgeadh an bhairr (an y-ais cheartingearach) a léiriú. Lipéadaigh an dá ais agus an cuar a shainítear sa ghráf.



(b) Sainmhínigh dlí an toraidh imeallaigh laghdaithe agus mínigh conas a léiríonn an graf é.

Sonraítear i ndlí an toraidh imeallaigh laghdaithe nuair a chuirtear níos mó de thoisc inathraitheach (e.g. leasachán) le toisc sheasta (e.g. talamh) go sroictear pointe ina dtosaíonn an méadú ar an aschur (táirge) a chruthaítear ag laghdú. Laghdaíonn an t-aschur de réir ráta laghdaitheach i dtaca le gach aonad breise ionchuir.

Méadaíonn lántáirge Y le gach 50 kg breise de leasachán. Éiríonn táirge breise Y a fhaightear ó gach 50 kg breise de leasachán níos lú diaidh ar ndiaidh, áfach.

Mar shampla, méadaíonn Y faoi 1 tona amháin in aghaidh an heicteáir nuair a mhéadaíonn úsáid an leasacháin ó 0 kg go 50 kg in aghaidh an heicteáir, ach ní mhéadaíonn Y ach faoi 0.2 tona in aghaidh an heicteáir nuair a mhéadaíonn úsáid an leasacháin ó 200 kg go 250 kg in aghaidh an heicteáir.

(c) Tá Seán, feirmeoir, ag obair ag pointe D faoi láthair (i.e. úsáideann sé 150 kg de leasachán in aghaidh an ha agus faigheann sé táirgeadh 4.4 tona in aghaidh an ha den bharr). Tá sé ag smaoineamh ar thosú ag obair ag pointe E.

An mbeadh sé ciallmhar ó thaobh na heacnamaíochta de bogadh ó phointe D go pointe E, má chosnaíonn leasachán €1 an kg agus má tá praghas díola €100 an tona ar an mbarr? Mínigh do fhreagra.

Níl ciall ar bith leis ó thaobh ó thaobh na heacnamaíochta de.

Costas imeallach: Cosnaíonn an leasachán breise €50 (200 – 150).

Ioncam imeallach: Is ionann an t-ioncam ón táirge breise agus €40
[(4.8 – 4.4) x 100] i.e. 0.4 x 100

Tá an t-ioncam ag Pointe E €10 níos lú ná an Costas.


Tá an t-ioncam Imeachach níos lú ná an Costas Imeachach ag Pointe E.

Bheadh cailteanas eacnamaíoch €10 in aghaidh an heicteáir le sonrú dá mbogfaí ó chóras D go chóras E.

Ní bheadh sé réasúnta an t-athrú sin a dhéanamh.

Ceist 6

Meánphraghsanna bainne san AE agus praghsanna Trádáil Déiríochta Domhanda (TDD) (Márta 2010 = 100).



- (a) **Taispeánann an graf thuas coinbhéirseacht phraghsanna bainne an AE agus praghsanna domhanda (TDD) ó bhlianta láir 2000 i leith. Tabhair breac-chuntas ar an ról a bhí ag leasuithe pholasaí an AE agus ag an éileamh domhanda ar earraí bainne i gcruthú na coinbhéirseachta seo.**

Leasuithe pholasaí an AE:

Tacaíocht do phraghsanna: tá laghdú tagtha ar an tacaíocht do phraghsanna ón AE ón mbliain 2003 i leith. Ó Chomhaontú Lucsamburg sa bhliain 2003, laghdaigh an AE tacaíocht do phraghsanna agus chuir sé SFP (Íocaíocht Aonair Feirme) (díchúpláil) ina hionad. Cuireadh é sin i bhfeidhm den chéad uair in 2005. Mar thoradh air sin, bhí praghsanna an AE níos cosúla leis na praghsanna domhanda ó thús 2007 i leith.

An t-éileamh domhanda ar earraí bainne:

De thairbhe éileamh méadaitheach ar earraí bainne, go háirithe sa tSín agus i margáí eile atá ag teacht chun cinn, tá méadú tagtha ar phraghsanna domhanda chun praghsanna an AE a bhaint amach agus a shárú fiú amháin.

- (b) **Luaigh dhá bhuntáiste iomaíochta atá ag feirmeoirí déiríochta na hÉireann ar an margadh domhanda.**

- (i) Aeráid agus talamh: Tá talamh agus aeráid na hÉireann fóirsteanach do thalamh féaraigh agus, mar sin de, soláthraíonn siad bia níos saoire do bha ná roinnt iomaitheoirí, a bhraitheann ar bhia ainmhithe breise.
- (ii) Clú agus cáil: Tá branda idirnáisiúnta den scoth ag Éirinn maidir le bainne ardchaighdeán. Inrianaitheacht.
- (iii) Earnáil dhea-bhunaithe próiseála: Tá Éire breá ábalta dul san iomaíocht sa mhargadh domhanda de bharr na tréanearnála próiseála atá inti.

(c) Déan plé ar dhá dheis atá ar fáil d'earnáil déiríochta na hÉireann chun a gcumas iomaíochta ar an margadh domhanda a fheabhsú san am atá le teacht.

- (i) Táirgeadh níos mó nuair a dhéanfar na srianta a cuireadh ar fheirmeoirí déiríochta na hÉireann leis an gcóras cuótaí a bhaint sa bhliain 2015.
- (ii) Daingniú na bhfeirmeacha níos lú chun gabháiltais níos mó a chruthú agus/nó d'fhéadfadh bunú struchtúr comhpháirtíochta i measc feirmeoirí déiríochta barainneachtaí scála méadaithe a chruthú.
- (iii) D'fhéadfaí teacht níos fearr a fháil ar mhargaí thar lear ach comhaontuithe saorthrádála a bhunú cosúil leis an gceann a socraíodh le gairid idir an tAontas Eorpach agus Ceanada.
- (iv) Ach branda cáilíochta na hÉireann a chur chun cinn níos fearr trí chlár ar nós na scéime um dhearbhu cáilíochta ón mBord Bia, d'fhéadfaí níos mó éilimh ar tháirgí déiríochta na hÉireann a mhealladh.
- (v) Dá nglacfaí le modhanna feabhsaithe sa phóru, sa teicneolaíocht, sa ghairneoireacht, etc. arna n-éascú trí thaighde níos fearr gníomhaireachtaí dála Theagasc, d'fhéadfaí táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht fheirmeoireacht déiríochta na hÉireann a chur chun feabhais.

